20

Focail Dheacra

	Lch
sceiteach	209
coim	209
longadánach	211
roicneach	211
amplach	214
smolchaite	214
reanglamán	214

Frásaí

	Lch
Is binn béal ina thost	210

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cad é a rinne an Sáirsint a bhí in éadán orduithe?
2. Cad é mar a bhí a fhios ag Joey go raibh an-ráchairt air sa cheant?
3. Cén duine a tháinig isteach go mall san iomaíocht le Joey a cheannach?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth nár labhair Albert le Joey an lá sin nuair a fuair siad amach faoin cheant?
2. Cad é mar a chuidigh an Maorsháirsint leis an chás?
3. Cé nach raibh dúil ag Albert in Iníon Wirtle, luaigh sé rud amháin a bhí maith fá dtaobh di. Cad é a bhí ann?
4. Cad chuige a raibh Albert ag iarraidh nach gceannódh Monsieur Cirac Joey, thar aon duine eile?

Ceisteanna Smaointeoireachta

1. Itheann cuid mhór daoine in Éirinn feoil; mairteoil, uaineoil, muiceoil srl, ach den chuid is mó ní bhíonn na hÉireannaigh sásta feoil chapaill a ithe. Cad é an difear idir mairteoil agus feoil chapaill? An ionann an scéal i dtíortha eile?

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: ÚTFC / Ealaín: Clár Scéil

Bhí cuid mhór úinéirí éagsúla ag Joey i rith a shaoil.

Cruthaigh clár scéil dar teideal: **Saol Joey**.

Ullmhúchán:

1. Déan liosta de na heachtraí a tharla ina shaol agus na huinéirí a bhí aige ag an am. Ba cheart naoi n-eachtra ar a laghad a bheith ann.
2. Smaoinigh ar an íomhá a léireoidh an tréimhse sin ina shaol agus ansin:
   – scríobh cur síos beag ar an eachtra a bheidh i ngach bosca; nó
   – déan sceitse den eachtra.
3. Scríobh abairt amháin a thugann achoimre ar an rud atá ag dul ar aghaidh le cur faoi gach ceann de na pictiúir.

Is féidir an clár scéil seo a dhéanamh ar an ríomhaire nó de láimh. Nuair a bheidh na híomhánna, an téacs agus na bolgáin chainte déanta agat, ba cheart saol Joey a bheith le feiceáil ó thús an leabhair ag an mhargadh go dtí deireadh an leabhair agus é ag filleadh ón chogadh.